www.southerntrail.net

# Bealach Glas an Mhór-Dheiscirt – Great Southern Trail Greenway

**Síneann Slí an Mhór-Dheiscirt(GST) feadh 96km(60ml) trí Iarthar Luimnigh/Tuaisceart Chiarraí. Sin slí an iarnróid, Luimneach-Trá Lí/An Fhianait, a osclaíodh idir 1867 agus 1887. Dúnadh an chuid is mó den líne idir 1975 agus 1978 ach is le CIÉ í fós. I gContae Luimnigh tá thart ar 40km de Shlí an Mhór-Dheiscirt in úsáid anois mar áis easbhóthair do shiúlóirí agus do rothaithe idir Ráth Caola agus Mainistir na Féile. Leanann an tslí trí Iarthar Luimnigh agus is féidir leis an siúlóir/rothaí cuairt a thabhairt ar Ardach, Caisleán Nua, Teampall an Ghleanntáin agus Mainistir na Féile.**

## Ráth Caola go dtí Ardach (9km)

**Tá ceann na slí i Ráth Caola suite ag an sean-stáisiún, áit a bhfuil Músaem na bPalaitíneach anois, iarsmalann dóibh siúd a tháinig ón nGearmáin 300 bliain ó shin. Ar an slí siar tá tailte na bPalaitíneach mórthimpeall. Buailfidh tú le cúig dhroichead gleoite cloch-ghearrtha os do chionn ar an slí go Ardach. Tá an droichead deireannach ag Stáisiún Ardach(príomháideach) agus is féidir cuairt a thabhairt ar an sráidbhaile, an áit a fuarthas Cailís Ardach sa bhliain 1868.**

## Ardach go dtí An Caisleán Nua (4km)


**Tá an stráice seo cothrom ag an tús agus ag an deireadh ach go bhfuil claonadh 1% sa lár. Téann an líne trí thalamh taitneamhach feirmeoireachta agus radharc agat ar na cnoic mórthimpeall. Trasnóidh tú Abhainn na Dáire ar an mbealach isteach go Caisleán Nua, ansin trasnóidh tú an R521 agus sroisfidh tú Stáisiún Chaisleán Nua. Níl ann anois de shaol an iarnróid ach Tigh an Stáisiúin(príomháideach) agus na seandaracha ar an ascaill ó Shráid an Easpaig. Níl áit níos fearr ná Caisleán Nua le haghaidh sosa agus sólaistí. Tabhair cuairt ar na siopaí agus na búitíceanna, féach ar Chaisleán Dheasmhumhan ón gCearnóg agus lig do scíth i Diméin an Chaisleáin lena fearann páirce 100 acra.**

## An Caisleán Nua go Bearna (10km)

**Píosa an-deacair a bhí anseo don inneall gaile fadó mar go bhfuil tú ag dul suas an t-am ar fad agus maidir leis an siúlóir/rothaí is anseo a fhaigheann tú an claonadh is géire. Sin ráite, má leanann tú ar an slí beidh tú ag dul le fána ó Bhearna go Mainistir na Féile. Agus tú thart ar 7km ó Chaisleán Nua is féidir dul ón slí ar bhóithrín a théann suas go Rúscach agus tá radharcanna iontacha ó na cnoic ar Mhánna Luimnigh agus ar an nGleanntán Órga. Ar ais ar an slí, rachaidh tú thar** *Ferguson's Viaduct* **agus leanann an tslí comhthreomhar leis an N21.**
**Fadó, chuaigh na traenacha trí thollán agus is feidir é seo a fheiscint ar phíosa leithleach (1km) den sean-iarnród. Tá fáil agat ar an tollán ón leataobh ag Bearna ar an N21(siar).**

## Bearna go Mainistir na Féile/ Teorainn Chiarraí (17km)

**Ar aghaidh ó Bhearna tá slí thaitneamhach agat ag dul trí chladhphoirt agus chlaiseanna agus faoi dhá dhroichead cloch-ghearrtha. Ar do thaobh chlé feicfidh tú an sráidbhaile álainn, Teampall an Ghleanntáin, agus is fiú go mór sos a ghlacadh anseo. Ag bogadh ó Theampall an Ghleanntáin téann tú trí Choill na Tulaí, áit aoibhinn. Ar an mbealach tá tigh an stáisiúin(príomhaideach) ag Bóthar Devon. Tá an tslí go breá réidh anois in aice leis an Ullachán agus claíonn sí leis an abhainn go dtí Mainistir na Féile.**
**Buaileann tú le droichead cloch-ghearrtha agus 2km ar aghaidh tá Stáisiún(príomháideach) Mhainistir na Féile sroiste. Cas ar chlé ar an R524 i dtreo Lár Mhainistir an Féile. Ag dul siar i dtreo Cho. Chiarraí trasnaíonn tú an Abhlach agus feicfidh tú Caisleán an Phoirt ar chlé agus ansan Abhainn na Féile.**




www.bovenizerdesign.com

*This mapboard has been funded by West Limerick Resources Ltd under the Rural Development Programme 2007-2013 which is financed by the Irish Government under the National Development Plan and part-funded by the EU under the European Agricultural Fund for Rural Development."*